

BUISÉAD 2014

POIST A CHRUTHÚ & AN BEALACH AMACH A CHINNTIÚ

34,000 post cruthaithe i rith na bliana & is é cruthú post an phríomhthosaíocht sa Bhuiséad.

Fás **0.2%** sa gheilleagar in 2013 & **2% in 2014** tuartha.

Tá an t-easnamh **ag laghdú go leanúnach** & chun tosaigh ar an sprioc, ag titim go dtí 7.3% in 2013, go dtí 4.8% in 2014 & go dtí faoi bhun 3% in 2015.

Barrachas príomha tuartha do 2014.

Beidh an **buaicphointe fiachais** in 2013 ag 124% agus laghdóidh sé go dtí 120% in 2014, go dtí 118% in 2015 agus go dtí 115% in 2016.

Fágfaidh Éire an Clár AE/CAI & fillfidh sí go hiomlán agus go hinmharthana ar na margáí.

CÓRAS CÓIR FORCHÉIMNITHEACH

19% den cháin ioncaim & den mhuirear sóisialach uilíoch á íoc ag an 1% is airde ioncam.

An chuid is mó den cheartú glactha ag na saothraithe is airde ioncam ó 2009.

CABHRÚ LE TEAGHLAIGH ATÁ FAOI BHRÚ

Príomhíocaíochtaí leasa shóisialaigh agus íocaíochtaí pinsin á **gcosaint don tríú Buiséad as a chéile**.

Ní dhéanfar aon athrú ar **rátaí seachtainiúla liúntais breosla**.

Ní dhéanfar aon athrú ar an **gcóras sochair linbh**.

Cúram dochtúirí teaghlaigh saor in aisce do leanaí faoi bhun 5 bliana d'aois.

Gan aon mheadú **ar cháin ioncaim nó MSU**.

BUISÉAD 2014

TACAÍOCHT DO GHNÓNNA CHUN POIST A CHRUTHÚ

Pacáiste cánach €500 milliún - 25 beart nua chun tacú le fiontraíthe agus gnóthais bheaga agus mheánmhéide & poist a chruthú.

Leanfar den ráta **CBL 9%** ar thurasóireacht agus fáilteachas.

Laghdófar an **Cháin Aerthaistil** go 0% ón 1 Aibreán.

Dreasacht Athchóirithe Tí de suas le **€4,050** le haghaidh obair athnuachana agus cothabhála.

An Tionscadal Cathrach Beo á leathnú go dtí gach maoin chónaitheach a tógadh roimh agus le linn 1914.

Leanfar den **Díolúine CGC** ar mhaoin thráchtála go dtí 2014.

Tionscnamh Airgeadais Trádála chun tacú le heaspórtálaithe Éireannacha.

Méadú go **5%** ar **bhreisiú ráta comhréidh na bhfeirmeoirí & an faoiseamh scoir á leathnú**.

Tallann nach den AE le háireamh sa **Scéim Faoisimh Scannán**.

Clár **oiliúna & meantóireachta** do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide & 7 mbeart frithchalaíse. An tairseach don **Oifig um Athbheithniú Creidmheasa** méadaithe go €3m.

Tionscadal chun do Ghnó féin a Thógáil chun fiontraíocht a chur chun cinn & d'fhonn tacú le gnóthais bheaga agus mheánmhéide lena n-áirítear:

- ❖ **Díolúine 2 bhliain ó cháin ioncaim** do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus a thosaíonn Gnó dá gCuid Féin;
- ❖ **Faoiseamh CGC** ar fháltais a athinfheistítear;
- ❖ **An tairseach CBL i leith fáltas airgid thirim** méadaithe go €2m;
- ❖ **An Tionscnamh Infheistíochta Fostaíochta á bhaint den srianadh** ar ardsaothraithe;
- ❖ Feabhsuithe ar an **gCreidmheas Cánach T&F**.

BUISÉAD 2014

CRUTHÚ POST & DAOINE A CHUR AR AIS AG OBAIR

Maoiníofar tógáil an Ospidéal Náisiúnta Leanaí as €200m de chaiteachas caipitil ó dhíol an cheadúnais crannchuir.

Tacóidh **€200m sa bhreis** le gníomhaíocht eacnamaíoch áitiúil agus le poist a chruthú trí mhaoiniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- cothabháil **bóithre** agus oibreacha deisiúcháin;
- sraith nua de **Dheontais Chaipitil Spórt**;
- **Airéine Náisiúnta Traenála** nua **Faoi Dhíon**;
- an Clár **"Fuinneamh níos Fearr"**;
- **deontais Oiriúnaithe Tithe**;
- Tionscnamh **Chathair Náisiúnta an Chultúir**;
- **mórlionad ócáidí ilfheidhme** i gCorcaigh;
- **Slí an Atlantaigh Fhiáin**;
- **Tionscadail Chuimhneachán 1916**.

Infheistíocht €1.6bn chun timpeall **300,000 ionad** a mhaoiniú, méadú 18,000 (7%) ó 2012, ar **chláir oibre, oideachais & oiliúna** faoin dTionscnamh **"Bealaí chun na hOibre"**.

Infheistíocht €9m chun rollú amach **oifigí Intreo** a chríochnú, **"Siopa Aon Ionaid"** chun seirbhísí níos fearr a sholáthar do dhaoine dífhostaithe.

Mar chuid den **Ráthaíocht Ógra, €14m don "Chiste Ógra Dífhostaithe"** chun ionaid gníomhaíochta bhreise a sholáthar do dhaoine faoi 25 bliana d'aois.

ÁR SEIRBHÍSÍ POIBLÍ A ATHCHÓIRIÚ

Tá **athchóiriú bunúsach** ar sheirbhísí poiblí ar bun agus fógrófar plean nua, **Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí**, roimh dheireadh na bliana.

BUISEÁD 2014

BEARTA CAITEACHAIS RÍTHÁBHACHTACHA

Infheistíocht Tionchair Shóisalaigh: **tithe fadtéarma innharthana do theaghligh gan dídean.**

€30m chun **clár tógála tithe an Stáit** a atosú. Suas le 500 aonad tithíochta breise lena n-áirítear foirgnimh nua & aonaid a bhí do-áirithe roimhe seo a chur ar ais sa stoc tithíochta.

€10m do thionscadal píolótach maidir le **heastáit tithíochta neamhchríochnaithe** a réiteach.

SLÁINTE

€20m do **sheirbhísí meabhairshláinte pobail.**

€37m chun **cúram dochtúirí teaghligh saor in aisce a sholáthar do leanáí faoi bhun 5 bliana d'aois.**

Beidh toradh €349m as **coigiltis ar dhrugaí, teideal chun cártaí leighis agus muirir mhéadaithe.**

COIMIRCE SHÓISIALACH

Cuirfear deireadh leis an liúntas gutháin ón 1 Eanáir, 2014, as a dtiocfaidh coigiltis de **€44 milliún.**

Déanfar na rátaí **Sochair Máithreachais agus Uchtála a chaighdeánú go dtí €230** d'éilítitheoirí nua ó Eanáir 2014, as a dtiocfaidh coigiltis de €30 milliún.

Déanfar an ráta **€100 Liúntais Cuardaitheora Poist** a íoc le daoine atá suas le 24 bliana d'aois agus an ráta €144 a íoc le daoine a bhaineann aois a 25 amach, ó Eanáir 2014, as a dtiocfaidh coigiltis de €32m.

An líon laethanta feithimh ar theideal ar **Shochar Breoiteachta** a dhúbláil **ó 3 lá go 6 lá** as a dtiocfaidh coigiltis de **€22 milliún.**

BUISEÁD 2014

OIDEACHAS

Gan aon mhéadú ar mhéid ranga.

Déanfar soláthar d'earcú breis agus **1,250 múinteoirí seomra ranga agus acmhainne breise.**

Leanfar den **bhlian réamhscoile saor in aisce** a sholáthar.

Clár **'Leabhar ar Cíos'** i mbunscoileanna.

CÁNACHA A MHÉADÚ GO CÓIR

Tobhach Bainc €150 milliún ar na Bainc Éireannacha.

An **tobhach** pinsin a mhéadú go dtí **0.75%** in 2014 agus ar ais go dtí **0.15% in 2015.**

Dleacht mháil ar alcól á mhéadú de 10 cent ar bheoir agus ar bhíotáille, 50 cent ar fhíon & 10 cent ar thobac.

Cáin choinneála ar ús taisce méadaithe go 41%.

An faoiseamh cánach ar **phréimheanna árachais sláinte** á theorannú go dtí €1,000 in aghaidh an duine fásta & €500 in aghaidh an linbh.

Deireadh a chur leis an **bhFaoiseamh Barrscaoilte** ar íocaíochtaí foirceanta agus scaoilíocaíochtaí ex-gratia.

Cuirfear **Creidmheas Cánach Linbh do Thuismitheoir Singil** is príomhchúramóir in ionad an chreidmheasa cánach do theaghligh aontuismitheora.


Faoiseamh cánach ar **ranníocaíochtaí pinsin** á theorannú do phinsin de €60,000 nó níos lú.

BUISEÁD 2014 BUDGET 2014

#Budget14
www.budget.gov.ie



An Roinn Airgeadais
Department of Finance



BUISEÁD
BUISEÁD